Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Feabhra 2024
(OR. en)**

**6831/24**

**SOC 120
EMPL 65
EDUC 51
JEUN 36
ECOFIN 225**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Athbhreithniú EMCO ar chur chun feidhme na ráthaíochta don aos óg - Na príomhtheachtaireachtaí<br>- Formhuiniú |

D'fhonn go bhformhuineofar iad ag an gcruinniú a bheidh ag an gComhairle an 11 Márta 2024, gheobhaidh na toscaireachtaí thíos na príomhtheachtaireachtaí ó athbhreithniú EMCO ar chur chun feidhme na ráthaíochta don aos óg.

Is féidir teacht ar chonclúidí tír-shonracha athbhreithniú EMCO ar chur chun feidhme na ráthaíochta don aos óg in 6831/24 ADD 1.

Is féidir teacht, in 6831/24 ADD 2, ar an mbailiú sonraí chun faireachán a dhéanamh ar scéimeanna ráthaíochta don aos óg in 2022 arna dtarchur ag EMCO.

**Athbhreithnithe EMCO ar chur chun feidhme an**

**Mholta ón gComhairle maidir le Nasc leis an bhFostaíocht – An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú**

**Na príomhtheachtaireachtaí ó EMCO don Chomhairle**

## 1. Réamhrá

**Tá sé de chúram ar an gCoiste Fostaíochta (EMCO) faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar i gcur chun feidhme *an Mholta ón gComhairle maidir le Nasc leis an bhFostaíocht – An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú.*** In 2016, 2018 agus 2019, d'fhormhuinigh an Chomhairle (EPSCO) sraith de phríomhtheachtaireachtaí a chuir EMCO ar fáil bunaithe ar an bhfaireacháin a rinne sé ar *Mholadh 2013 ón gComhairle maidir le ráthaíocht don aos óg a bhunú*. Leagadh béim iontu ar a thábhachtaí atá cosc, luath-idirghabháil, comhpháirtíochtaí láidre laistigh de na Ballstáit, chomh maith leis an ról ríthábhachtach atá ag na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta (SPF).

**Táthar ag leanúint d'fhaireachán a dhéanamh, ó bhí 2021 ann, ar chur chun feidhme *Mholadh 2020 ón gComhairle maidir le Nasc leis an bhFostaíocht – An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú*.** I mí Dheireadh Fómhair 2021, díríodh leis na príomhtheachtaireachtaí ó EMCO maidir le cur chun feidhme na ráthaíochta 'aththreisithe' don aos óg ar thionchar díréireach ghéarchéim COVID-19 ar dhaoine óga, ar lena linn a chloígh na Ballstáit le tiomantas láidir polaitiúil i leith a cur chun feidhme. Tugadh céimeanna chun tosaigh sna Ballstáit uile agus léiríodh sna pleananna nua cur chun feidhme, a glacadh nó a bhí le glacadh ag an am sin, gurb ann do chur chuige níos córasaí agus níos comhleanúnaí ann i leith dífhostaíocht agus neamhghníomhaíocht i measc na n-óg a ghleic. Ag an am céanna, bhí dúshláin fós ann i ngach réimse a bhaineann le cur chun feidhme na ráthaíochta don aos óg, agus is iomaí cás ina raibh an phaindéim ina cúinse coiscthe breise. I mí na Samhna 2023, rinne **Grúpa Anailíse Polaitiúla EMCO (EMCO PAG)** an t-athbhreithniú is déanaí. Tá na príomhtheachtaireachtaí reatha bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe sin, agus tá conclúidí tír-shonracha i gceangal leo. Tá i gceangal leis an doiciméad sin freisin na torthaí in aghaidh an Bhallstáit ó chleachtadh bailithe sonraí 2023, agus achoimre ar na príomhthorthaí ar leibhéal an Aontais rompu.

## 2. An dul chun cinn atá déanta

**Ar an iomlán, chloígh na Ballstáit le tiomantas láidir polaitiúil maidir leis an ráthaíocht threisithe don aos óg a chur chun feidhme agus thuairiscigh an chuid is mó acu go ndearna siad iarrachtaí feabhas a chur ar a n-acmhainneacht seirbhísí a chur ar fáil do dhaoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEETanna).** Idir 2021 agus 2023, cláraíodh dul chun cinn ar fud na mBallstát uile i gcur chun feidhme na ráthaíochta don aos óg, cé gurb éagsúil méid an dul chun cinn sin ar fud an Aontais agus go bhfuil an chuma air go bhfuil roinnt gnéithe imithe in olcas, de réir thorthaí an bhailithe sonraí. Is ríthábhachtach anois aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus na bearnaí a tugadh faoi deara.

**Tar éis bhuaicphointe na paindéime, chonacthas arís an treocht anuas i sciar na ndaoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEETanna) a thosaigh i 2014.** Is féidir leis an bhforbairt is déanaí a bheith ann mar thoradh ar éifeachtúlacht mhéadaitheach na gclár gníomhachtúcháin arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit agus ar dhea-fheidhmíocht mhargaí saothair na hEorpa, agus leibhéil ísle dífhostaíochta nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe mar aon le méadú ganntanas lucht saothair ar fud earnálacha éagsúla ann.

**Ba cheart bearta for-rochtana a neartú go háirithe do na NEETanna is leochailí, lena n-áirítear NEETanna i gceantair thuaithe,** go háirithe trí chomhordú idir aireachtaí agus SPFanna a neartú. Cé gurb iomaí Ballstát a thuairiscigh dul chun cinn suntasach maidir leis an uas-sciliú digiteach, tá dúshláin fós roimh roinnt tíortha ina leith. Tá feabhas tagtha ar sciar na n-uaireanta scoir tráthúla agus dearfacha as na scéimeanna ráthaíochta don aos óg, ach tá tréimhsí feithimh fós rófhada in a lán cásanna. Tháinig laghdú ar an ráta cumhdaigh freisin. Dá bhrí sin, ní mór feabhas a chur ar acmhainneacht na ráthaíochta don aos óg le go rannpháirteofaí níos mó daoine óga inti. Maidir le hinbhuanaitheacht na dtorthaí, tá laghdú beag tagtha ar chion na dtorthaí dearfacha tar éis 6 mhí, ach ní mór fós iarrachtaí a dhéanamh, go ginearálta, chun feabhas a chur ar cháilíocht na sonraí leantacha i roinnt mhaith Ballstát. Tá gá le feabhas freisin maidir le **mapáil**, ós rud é go meastar go bhfuil bailiú agus comhroinnt na sonraí NEET, agus obair leantach orthu sin, tábhachtach chun obair leantach a dhéanamh ar na bearta laistigh de na scéimeanna ráthaíochta don aos óg a chuirtear chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta.

**Tá difríochtaí suntasacha fós ann maidir le cáilíocht agus éifeachtacht sholáthar na seirbhíse.** Tá athrú ó sholáthar seirbhísí pearsantaithe go seirbhísí níos ginearálta tagtha chun cinn, agus tá an baol ann go measfar NEETanna óga a bheith ina gcuardaitheoirí poist rialta agus bhfágfar NEETanna neamhghníomhacha ar lár. Is ábhar imní é sin i bhfianaise an lín ard daoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEETanna) atá fós i ndálaí leochaileacha, ar fadhb é i bhformhór na mBallstát. Is gá **bearta coisctheacha** a fheabhsú agus díriú freisin ar luathfhágáil na scoile.

**Is deis í clárthréimhse 2021-2027 do Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh na Ballstáit go fóill, agus ba cheart acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí agus bearta nuálacha dá réir.** Go háirithe i gcás na mBallstát a ndéantar rialachas il-leibhéil orthu, d'fhéadfaí, le leithdháileadh cothrom acmhainní agus córas láidir faireacháin, an baol a sheachaint go gcuirfí an ráthaíocht don aos óg chun feidhme go míchothrom ar fud na tíre. Ar an taobh eile, beidh sé tábhachtach cistiú náisiúnta leordhóthanach a áirithiú do thionscnaimh a bhí ann roimhe seo ar éirigh leo tacú le NEETanna agus iad a thabhairt isteach sa mhargadh saothair ar bhealach inbhuanaithe. Tá an t-aistriú ó úsáid fhorleathan chistí CSE+ chuig an gclársceidealú náisiúnta ríthábhachtach sa chomhthéacs sin. Moltar breis malartú dea-chleachtas i measc na mBallstát agus eagrú tionscadal trasnáisiúnta a dhéanamh.